



An Garda Síochána

Doiciméad Beartais

Córas Bainistíochta Foilseán & Maoine Cuid 2 (PEMS2)

Dáta Éifeachta	<i>27 Samhain 2019</i>
Leagan Uimh.	<i>1.0</i>
Arna cheadú ag	<i>Feidhmeannach an Gharda</i>
Arna thabhairt isteach le	<i>HQ.060.2019</i>
Úinéir Beartais	<i>Coimisinéir Cúnta, Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta</i>

1. Cuspóir

Tá tionscnamh an Chórais Bainistíochta Foilseán & Maoine Cuid 2 (PEMS2) mar chuid den Chlár um Nuachóiriú agus Athnuachan agus is éard atá ann ná PEMS2 aonair a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta agus slabhra coimeádta leictreonáí a chothabháil trí chóras lipéid barrachóid uimhir thagartha uathúil a ghintear le PULSE.

Úsáidfean bogearraí PEMS2 ag gach comhalta den Gharda Síochána agus foireann an Gharda Síochána chun bainistíocht a dhéanamh ar gach maoin, foilseán agus feithicil ábhartha (Réada) a thagann faoi choimeád an Gharda Síochána. Déanfaidh an córas é seo trí shreabhadh maoine a chatalógú agus a rianú trí theicneolaíocht scanóra barrachód a úsáid.

Soláthraíonn córas leictreonach PEMS2 trédhearcacht, cruinneas agus éifeachtúlacht níos fearr i mbainistiú maoine agus foilseán laistigh den Gharda Síochána.

Soláthróidh PEMS2 na tairbhí seo a leanas:

- Cumas cuardaigh agus aithint uathúil na n-ítimí go léir le Lipéad Barrachóid Uimhir Thagartha Uathúil
- Riarachán agus coimeád taifead níos éifeachtúla maidir le maoin, foilseán agus feithicilí ábhartha
- Cuntasacht agus cumas feabhsaithe chun suíomh agus stádas maoine, foilseán agus feithicilí ábhartha a rianú
- Stóráil, aisghabháil agus láimhdeachas níos tapúla maoine
- Am laghdaithe chun foilseán a phróiseáil maidir le himscrúduithe a bhainfeam amach trí nuashonrú uathoibríoch agus comtháite le PULSE
- Slabhra coimeádta na bhfoilseán a shocrú
- Tuarascálacha faisnéise bainistíochta níos éifeachtaí do mhaoin, foilseán agus feithicilí ábhartha
- Íoslghdú an riosca cailleanais/maoine cailte
- Cumas feabhsaithe maoin a aisghabháil agus a dhiúscairt agus an cumas dátaí scriosta/diúscairt a nótaíl agus barrfheabhsóidh sé an spás atá ar fáil do bhainisteoirí siopaí réadmhaoine
- Comhsheasmhacht agus caighdeánú chun gach maoin, foilseán agus feithicilí ábhartha a phróiseáil

2. Raon Feidhme

Tá feidhm ag an mBeartas seo agus na doiciméid ghaolmhara go léir maidir le comhaltaí an Gharda Síochána agus foireann an Gharda. Tá feidhm aige chomh maith maidir le Póilíní Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht don Gharda Síochána de réir Alt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

3. Ráiteas Beartas

Leis an PEMS2 beifear in ann bainistíocht a dhéanamh ar gach maoin, foilseán agus feithicilí ábhartha a thagann i seilbh an Gharda Síochána, chomh maith le slabhra coimeádta leictreonach iomlán a choinneáil do gach foilseán a bhaineann le Teagmhas PULSE.

Tá sé de dhualgas ar an nGarda Síochána maoin a chosaint agus, nuair is cuí, í a chur ar ais chuig an úinéir ceart. Cuirtear ceart agus dualgas ar an nGarda Síochána ábhar fianaiseach a urghabháil, a choinneáil, a thaifeadadh agus a tháirgeadh nuair a iarrtar go dleathach é.

Comhlíonfaidh gach bainistíocht maoine agus foilseán laistigh den Gharda Síochána na ceanglais dhlíthiúla maidir le maoin a urghabháil, a stóráil, a choinneáil agus a dhiúscairt. Coinneofar maoin a thógtar faoi choimeád an Gharda Síochána ar feadh an íosmhéid ama is gá de réir na gceanglas dlíthiúil. Déanfar gach taifead a bhaineann le maoin, foilseán agus feithicilí ábhartha a thógtar i seilbh an Gharda Síochána agus a dhiúscairt nó a chuireann an Garda Síochána ar ais a thaifeadadh agus a chothabháil go cruinn.

Tá sé de dhualgas ar an nGarda Síochána a chinntiú go bhfuil an mhaoine go léir a thagann faoina choimeád comhréireach leis an dlí agus a bheith feasach ach go háirithe ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988/2018, an Cód Eitice don Gharda Síochána agus Beartas an Gharda Síochána go háirithe an doiciméad nós imeachta PEMS2.

Is teicneolaíocht gearála é PEMS 2 a chuimsíonn cur chuige comhtháite maidir le taifid chruinne fardail maoine a sholáthar laistigh den Gharda Síochána. Cinnteoidh an Garda Síochána go ndéanfar gach maoine, foilseán agus feithicil ábhartha a thagann faoi choimeád na heagraíochta a thaifeadadh mar nithe ar PULSE agus uaidh sin déantar an saolré lena n-áirítear slabhra iomlán coimeádta a bhainistiú agus a chothabháil trí bhogearraí PEMS2. Áirítear iad seo a leanas leis na torthaí:

- Slabhra na bhfoilseán a rianú ó láthair na coireachta go próiseáil na bhfianaisí go dtí an chúirt
- Faisnéis a sholáthar maidir le suíomh agus stádas sonracha gach míre maoine, foilseáin agus feithicil ábhartha
- Meabhrúcháin uathobrithe a ghiniúint le haghaidh diúscairt maoine nuair a bheidh cás críochnaithe

4. Comhlíonadh

Tá comhlíonadh an Bheartais seo agus na doiciméid ghaolmhara a ghabhann leis éigeantach do gach comhalta den Gharda Síochána agus d'Fhoireann an Gharda

5. Doiciméid Ghaolmhara

1. Doiciméad Nóis Imeachta don Chóras Bainistíochta Foilseán & Maoine Cuid 2 (PEMS2)
2. Ábhair Oiliúna don Chóras Bainistíochta Foilseán & Maoine Cuid 2 (PEMS2)

6. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí & na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta ach amháin chun na críocha a shonraítear sa bheartas seo, agus laistigh de bhonn dleathach atá sainithe go soiléir faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ((AE) 2016/679) agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988/2018. Cuirfear gach beart riachtanach i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoinnítear sonraí pearsanta slán sábháilte. Is ag pearsanra údaraithe amháin a bheidh rochtain ar shonraí pearsanta. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha, agus ní choinneofar iad níos faide ná mar is gá.

7. Scaghtástáil ó thaobh an Dlí & Cearta Daonna de

Rinneadh scaghtástáil ó thaobh an dlí agus Cearta Daonna ar an mBeartas seo i dtéarmaí na n-oibleagáidí faoi seach a cuireadh ar an nGarda Síochána don limistéar ábhair lena mbaineann.

8. Caighdeán Eiticiúla & Gealltanais

Ní mór do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána cloí leis na caighdeáin agus na gealltanais atá leagtha amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

9. Athbhreithniú ar an mBeartas

Déanfar athbhreithniú ar an mBeartas seo agus ar na doiciméid ghaolmhara 12 mhí óna dháta éifeachta agus gach trí bliana ina dhiaidh sin nó de réir mar is cuí

10. Séanadh

Ní bheartaítear gur comhairle dlí atá sa doiciméad seo, ná ní hionann é agus comhairle dlí a mbeifear ag brath uirthi maidir leis an ábhar atá anseo. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.